# *Mo Scéal:* Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil - Eolas do mhúinteoirí

Tugtar eolas i dtuairiscí *Mo Scéal* faoi láidreachtaí, ábhair spéise agus dúshláin an pháiste agus é nó í ag aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil.

Tá ceithre chuid i *Mo Scéal.*

- **Cuid 1: An Cleachtóir.** Tugtar eolas sa chuid seo faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt an pháiste trí úsáid a bhaint as ceithre théama *Aistear* – Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.
- **Cuid 2: An Tuismitheoir nó An Caomhnóir.** Tugtar eolas sa chuid seo a d'fhéadfadh tuismitheoirí/ caomhnóirí a roinnt le scoil nua an pháiste.
- **Cuid 3: Páiste.** Sa chuid seo, tugtar deis don pháiste rud éigin pearsanta a roinnt lena scoil nua. Is cuid fhíorthábhachtach í seo toisc go bhfuil guth an pháiste le sonrú inti.
- **Cuid 4: Cead an tuismitheora nó an caomhnóra.** Sa chuid seo iarrtar cead na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí cóip de thuairisc an pháiste a roinnt leis an mbunscoil.

Cabhróidh an t-eolas seo ón gcleachtóir, ón tuismitheoir /caomhnóir agus ón bpáiste leat foghlaim faoi thaithí an pháiste sa bhaile agus sa réamhscoil agus faoina bhfuil foghlamtha aige nó aici. Beidh sé an-úsáideach duit go háirithe sna chéad seachtainí a mbeidh na páistí i naíonáin shóisearacha. Agus an t-eolas seo agat d'fhéadfá smaoineamh ar bhealaí chun taithí den chineál céanna a sholáthar i do sheomra ranga. D'fhéadfadh na tuairiscí cabhrú leat chun deiseanna foghlama a phleanáil do na páistí ar bhealaí a oireann dóibh agus cabhróidh siad leat na páistí a chur i ngrúpaí agus deiseanna foghlama éagsúla a chur ar fáil. Rud an-tábhachtach eile, tabharfaidh na tuairiscí smaointe duit maidir le topaicí agus tionscadail a bhainfidh le hábhair spéise na bpáistí a d'fhéadfaí a chur san áireamh i gcaitheamh na bliana.

# *Mo Scéal:* Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

Tugtar eolas i *Mo Scéal* ar

- taithí foghlama a thaitníonn leis an bpáiste, mar shampla súgradh i gcomhpháirt le páistí eile, an timpeallacht lasmuigh a iniúchadh, taitneamh a bhaint as an ionad tógála nó leabhair a roghnú go neamhspleách sa chúinne léitheoireachta.
- rudaí a bhfuil an páiste ag cur spéis iontu anois. D'fhéadfadh sé go mbeadh spéis ag an bpáiste i ndineasáir, talmhaíocht, roicéid, teaghlaigh, cúrsaí iompair nó garraíodóireacht!
- meonta dearfacha foghlama an pháiste mar fhiosracht, teacht aniar, buanseasmhacht agus neamhspleáchas.
- rudaí a mheasann an páiste a bheith dúshlánach, nó a sheachnaíonn sé nó sí nó a bhfuil deacrachtaí aige nó aici leo, mar shampla moill/deacrachtaí cumarsáide, fadhbanna maidir le haistriú nó deacrachtaí ó thaobh sealaíocht a dhéanamh.

Cuireann *Mo Scéal* eolas ar fáil i scríbhinn faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt an pháiste sula dtosaíonn sé nó sí i naíonáin shóisearacha. Táimid ag súil go gcuirfidh an t-eolas i *Mo Scéal* tacaíocht ar fáil don obair a dhéanann múinteoirí agus iad ag ullmhú chun fáilte a chur roimh na páistí i naíonáin shóisearacha agus go gcabhróidh sé chomh maith le pleanáil a gcuid foghlama agus forbartha i rith na scoilbhliana. Tá sé i gceist freisin go soláthróidh na tuairiscí ábhar cainte do mhúinteoirí nuair a bheidh siad ag labhairt le tuismitheoirí agus le caomhnóirí, agus go gcuirfidh siad deis ar fáil chun teagmháil a dhéanamh le cleachtóir na réamhscoile. Agus ar ndóigh, cuireann *Mo Scéal* smaointe ar fáil chun comhráite a thosú le páistí mar gheall ar a bhfuil foghlamtha acu agus faoina dtaithí sa bhaile agus sa réamhscoil.